Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**9405/24**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0397(COD)**

**CODEC 1204**
**ELARG 58**
**COWEB 64**
**FIN 405**
**CADREFIN 90**
**ECOFIN 530**
**BUDGET 34**
**RESPR 14**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón mBulgáir**

Aithníonn an Bhulgáir comhionannas idir mná agus fir agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn i gcomhréir le Bunreacht Phoblacht na Bulgáire agus leis an reachtaíocht náisiúnta, agus é sin á dhéanamh aici i chomhréir le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, agus leis na gealltanais agus na prionsabail faoin dlí idirnáisiúnta.

I gcomhréir leis an méid thuasluaite agus lena reachtaíocht intíre, léirmhíníonn an Bhulgáir an coincheap ‘inscne’ mar thagairt do ‘gnéas’ (fireann/baineann) agus léirmhíníonn sí an coincheap ‘comhionannas inscne’ mar ‘deiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d’fhir’ sa Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar.

## Ráiteas ón Ungáir

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir ar inscne mar dheiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' agus léirmhíníonn sí an coincheap 'comhionannas inscne' mar 'deiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir' sa Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar.

## Ráiteas ó Phoblacht na Liotuáine

Tacaíonn Poblacht na Liotuáine le lánpháirtiú Eorpach na mBalcán Thiar. Treoraítear na hiarrthóirí maidir le hullmhúchán a dhéanamh do bhallraíocht lánfheidhme trí phróiseas cáilíochtúil an mhéadaithe atá bunaithe ar fhiúntas.

Sa phlé ar an Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar, thacaigh Poblacht na Liotuáine go comhsheasmhach le ról gníomhach na Comhairle maidir le rialachas na Saoráide a áirithiú. Ós rud é nach bhfuil ach ról sách teoranta ann don Chomhairle i dtéacs comhréitigh an Rialacháin, staonann Poblacht na Liotuáine ón vótáil ar an téacs atá beartaithe.

## Ráiteas ón gCoimisiún maidir le trédhearcacht bhuiséadach iomlán i ndáil le hábhair bhuiséadacha faoi chuimsiú Shaoráid na mBalcán Thiar

Ag aithint don Choimisiún a thábhachtaí atá sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle a bheith in ann a bhfreagracht a chomhlíonadh ar bhealach feasach ina gcáil mar údaráis bhuiséadacha, cuirfidh sé ar fáil don údarás buiséadach, ar bhonn démhíosúil, faisnéis faoi ghealltanais bhuiséadacha agus faoi íocaíochtaí buiséadacha in aghaidh an tairbhí, idir ghealltanais agus íocaíochtaí a bhfuil difear á dhéanamh dóibh faoi Shaoráid na mBalcán Thiar agus ghealltanais agus íocaíochtaí atá pleanáilte faoin tsaoráid sin.

**Ráiteas ón gCoimisiún faoi na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an ainmníocht bhuiséadach le haghaidh Shaoráid na mBalcán Thiar**

Tugann an Coimisiún dá aire an ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an ainmníocht bhuiséadach le haghaidh Shaoráid Athchóirithe agus Fáis na mBalcán Thiar, ainmníocht a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur chun feidhme na Saoráide. In aon chás, chuirfeadh sí isteach go míchuí ar chur i bhfeidhm cuí an nós imeachta bhuiséadaigh. Measann an Coimisiún nár cheart fasach a bheith sa mhéid sin.